An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN RÁITEAS STRAITÉISE 2019

Léargas neamhspleách do chách



Clár an Ábhair

Brollach ón Aire 4

Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir 5

Ár gCuspóirí Straitéiseacha 6

Iarscríbhinn 1: Bearta um Laghdú in Úsáid Fuinnimh 22

Iarscríbhinn 2: Cairt Eagrúcháin 23

Iarscríbhinn 3: Monatóir Tráthúlachta 2019 24

Iarscríbhinn 4: Nochtadh Cleachtas Íocaíochta 28

Iarscríbhinn 5: Nochtuithe Cosanta 29

Iarscríbhinn 6: Achoimre 30

Brollach

Cuirimse fáilte roimh an tuarascáil seo ar dhul chun cinn maidir le Ráiteas Straitéise na Príomh-Oifige Staidrimh 2016-2019 ina dtugtar cuntas ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí straitéiseacha na Príomh-Oifige Staidrimh. Seo í an chéad Tuarascáil Bhliantúil ón bPríomh-Oifig Staidrimh ó ghlac mé mo ról nua mar Phríomh-Aoire an Rialtais agus Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.

Tá sainordú ar an bPríomh-Oifig Staidrimh eolas iontaofa agus neamhspleách a tháirgeadh chun bonn eolais a chur faoi cinntí beartais don náisiún iomlán agus chun tacú le ceart shaoránaigh na hÉireann cónaí i sochaí eolach. Sa tuarascáil seo tugtar cur síos ar neart forbairtí in obair leanúnach na Príomh-Oifige Staidrimh chun freastal ar dhomhan atá ag gluaiseacht go mear agus de shíor ag athrú agus chun na haschuir a sholáthar atá de dhíth ar shaoránaigh agus déantóirí beartais.

Bhí suim ar leith agam sa raon d'aschuir nua á bhí á seachadadh, fianaise ar thiomantas na Príomh-Oifige Staidrimh, ní hamháin le soláthar a dhéanamh ar a ceanglas dlí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ach freisin le fiosrú a dhéanamh ar réimsí nua ina bhféadfaidh a saintaithí eolas agus léargas úrnua a sholáthar don saoránach agus don déantóir beartais freisin. Sa bhliain 2019 tháirg an Phríomh-Oifig Staidrimh dhá thuarascáil ar thorthaí do chéimithe in Éirinn – Iarmhairtí Ardoideachais – Céimithe 2010-2016 agus Iarmhairtí Breisoideachais – Céimithe 2010-2016. Toradh is ea na tuarascálacha ar an anailís is mó riamh ar chinn scríbe chéimithe na hÉireann i dtéarmaí fostaíochta, earnálacha oibre, tuillimh agus a bpatrún athchlárúcháin sa bhreisoideachas.

Le haschur eile, Táirgiúlacht in Éirinn 2017, ceann de bhreis agus 300 aschur a tháirg an Phríomh-Oifig Staidrimh i mbliana, tugadh léargas cuimsitheach ar tháirgiúlacht in Éirinn a chlúdaíonn, beagnach, an chéad scór bliain den aonú aois is fiche.

Ar ndóigh, ní fhéadfaí aon chuid den obair seo a dhéanamh murach díograis agus tiomantas na foirne sa Phríomh-Oifig Staidrimh, a chuaigh faoi dhian-tástáil le linn na paindéime Covid-19, mar a tharla dúinn go léir.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Príomh-Oifige Staidrimh as a dtiomantas chun léargas a sholáthar d'Éirinn, as a bhfreagrúlacht ar éilimh ó úsáideoirí agus as a ngairmiúlacht chun ceann de phríomhchodanna na sochaí daonlathaí a sholáthar – eolas neamhspleách, iontaofa i saol ina bhfuil bréagnuacht agus bréagaisnéis go flúirseach.

JACK CHAMBERS
Príomh-Aoire agus Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh

Réamhrá

Agus an réamhrá seo á scríobh agam, tá Éire i ngleic leis an bpaindéim Covid-19. Cuireann sé sin comhthéacs nua ar an dul chun cinn atá déanta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh le trí bliana anuas ar bhaint amach na gcuspóirí a leagtar amach ina Ráiteas Straitéise deiridh.

Leis an bpaindéim, agus an freagra náisiúnta uirthi, aibhsítear an ríthábhacht atá leis an obair a dhéanann an Phríomh-Oifig Staidrimh. Cé gurb iad soláthar seirbhíse sa leigheas, sa tsláinte agus ag an líne tosaigh na riachtanais is túisce i bpaindéim, bíonn gá ag an am céanna le staitisticí atá tráthúil agus cruinn chun na tionchair a thomhas agus a mheas. Is anseo a dhéanann an Phríomh-Oifig Staidrimh soláthar ar son na hÉireann.

Baineann an Phríomh-Oifig Staidrimh úsáid as sonraí riaracháin agus suirbhé chun pictiúr iomlán a ghiniúint a thugann léargas luachmhar ar an tionchar atá agus a bheidh go leanúnach ag COVID-19 agus eachtraí suntasacha eile ar ár ngeilleagar, ár ndaoine agus ár sochaí. Tá oiriúnú déanta againn ar ár bhfoinsí staitistice agus ar ár n-aschuir chun freagairt don éigeandáil COVID-19, lena n-áirítear fiosrú ar fhoinsí nua sonraí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte amhail líon agus fad na dtréimhsí in Aonaid Dianchúraim, anailís gheospásúil ar chásanna COVID-19, agus leathnú réigiúnach an víris, gan ach cúpla ceann a ainmniú. Thacaigh ár saineolas staitistiúil le hionsamhlú NPHET ar an bpaindéim, chun an t-eolas agus léargas riachtanach a sholáthar le tacú leis an bhforbairt ar fhreagraí beartais.

Is léir go ndeachaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh in oiriúint go tapa agus go freagrúil chun freagairt a thabhairt ar riachtanais ár n-úsáideoirí ag an am seo. Lenár Staitisticí Oifigiúla, tugtar léiriú ar fhírinne an tsaoil mar atá ag daoine agus ag gnólachtaí. Ar an gcaoi seo, tá an Oifig ag cuidiú le hÉirinn bealach a dhéanamh tríd an tréimhse seo agus ag tacú le plean athshlánaithe a fhorbairt.

Leis an tuarascáil seo tagann deireadh le próiseas an Ráitis Straitéise 2016-2019 agus is tráthúil an t-am é le hathmhachnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag an Oifig le linn na tréimhse seo. Forbraíodh breis agus 35 táirge agus aschur nua; tá dul chun cinn suntasach déanta san fhorbairt ar Chóras Staidrimh na hÉireann, arna thacú ag méadú ar líon na saineolaithe staitistice ón bPríomh-Oifig Staidrimh; agus leis an gcinneadh go mbeadh freagracht ag an bPríomh-Oifig Staidrimh as an Suirbhé ar Fhás Aníos in Éirinn agus as an Suirbhé ar Fhoréigean Gnéis, tugtar tuilleadh fianaise ar an meas atá ar an bPríomh-Oifig Staidrimh mar eagraíocht staitistiúil ghairmiúil a dhéanann soláthar dá húsáideoirí. Leis an tuarascáil seo tugtar tuilleadh léargais ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtálacha na Príomh-Oifige Staidrimh.

Beidh ár gcéad Ráiteas Straitéise eile á threorú ag stair na Príomh-Oifige Staidrimh le déanaí agus, go háirithe, ag ár dtaithí i rith tréimhse na paindéime. B'iad freagrúlacht, foghlaim agus neartú ár gcultúr eagraíochta na saintréithe. Thar aon rud eile, is iad tiomantas, cruthaitheacht agus gairmiúlacht na foirne sa Phríomh-Oifig Staidrimh a léiríonn é seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo go léir as a n-athléimneacht agus as seachadadh comhsheasmhach le linn shaolré Ráiteas Straitéise 2016-2019 agus táim ag tnúth go mór le hobair leo agus muid ag freagairt ar an uaillmhian inár Ráiteas Straitéise 2020-2022.

PÁDRAIG DALTON
Meán Fómhair 2020

Ár gCuspóirí Straitéiseacha

Eolas agus Faisnéis do gach duine a dhéanamh de shonraí agus staitisticí

Cuspóir Straitéiseach 1.		Dul Chun Cinn sa Bhliain 2019
Eolas staitistiúil atá tráthúil, ábhartha agus beacht a sheachadadh	Ár gclár oibre staidrimh leathan a sheachadadh	• Sa bhliain 2019 táirgeadh 283 eisiúint leictreonach agus 65 foilseachán: 348 táirge san iomlán. • I measc na dtáirgí nua a eisíodh sa bhliain 2019 bhí: - Cothromaíocht Inscne sa Ghnó - Staitisticí (Débhliantúil) - Íospartaigh Coireachta Taifeadta (Bliantúil) - Cuntais Idirnáisiúnta (lena n-áirítear Comhardú na nÍocaíochtaí Idirnáisiúnta agus an Staid Infheistíochta Idirnáisiúnta) - Tuairisc ón bPríomh-Oifig Staidrimh ar an bhFéidearthacht le hEolas ar Phraghsanna a bhailiú ar Chostas an Árachais do Ghnólachtaí - Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Réigiúnacha na hÉireann 2017 (Bliantúil) - Próifílí Geografacha den Ioncam in Éirinn 2016 - Éilimh Dochtúirí Teaghlaigh arna Mhaoiniú ag an FSS - Iarmhairtí Ardoideachais – Céimithe 2010-2016 - Iarmhairtí Breisoideachais – Céimithe 210-2016 - Fiontair Easpórtála in Éirinn 2017 - Faid a thomhais go seirbhísí laethúla in Éirinn 2019 - Iarmhairtí Iar-bhunscoile – Grúpaí Scoláirí Críochnaithe 2012 agus 2013 - Saol Uirbeach agus Saol Tuaithe in Éirinn 2019 - Próifíl ar Dhaonra Teorann na hÉireann 2016 • Chomh maith leis na táirgí nua d'fhógair an Phríomh-Oifig Staidrimh freisin go raibh siad ag glacadh freagrachta as an Suirbhé Ag Fás Aníos in Éirinn ón mbliain 2023 amach. Suirbhé fadtéarma náisiúnta is ea an suirbhé seo ar leanaí agus an óige a thosaigh in 2006 agus a rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) ón tús. Tá an suirbhé maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus déanann an Roinn maoirsiú air i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh. Bailítear na sonraí faoin Acht Staidrimh, 1993. • **Clár don Mheasúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosacha** Suirbhé is ea an Clár don Mheasúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosacha (PIAAC) a d'fhorbair an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD). Déantar tomhas leis an PIAAC ar inniúlacht aosach sna príomhscileanna próiseála eolais – an litearthacht, an uimhearthacht agus an fadhbréiteach i dtimpeallachtaí ina bhfuil an teicneolaíocht ann go tréan. D'aontaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an suirbhé seo a

dhéanamh thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna in 2021/2022. Tá tús curtha leis an obair ar logánú an tsuirbhé agus tá leagan píolótach den suirbhé le déanamh in 2020.

- **Suirbhé ar Fhoréigean Gnéis (SFG)**
  Tá sé d'aidhm ag an Oifig leis an Suirbhé ar Fhoréigean Gnéis (SFG) a fháil amach cé chomh forleathan is atá an foréigean gnéis in Éirinn. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar obair ullmhúcháin ar SFG le linn 2019. Díríodh ar scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi leis na sonraí pearsanta íogaireacha seo a bhailiú ar bhealach atá rúnda, eiticiúil agus a thacóidh le torthaí suirbhé atá cruinn agus iontaofa. Tá leagan píolótach den SFG le déanamh in 2020 agus déanfaidh sé seo tástáil ar na nósanna imeachta allamuigh agus ar an gceistneoir, a thabharfaidh eolas don phríomhsuirbhé.

- Léiríonn **Baraiméadar Ualaigh Freagartha** na Príomh-Oifige Staidrimh go raibh an t-ualach ar ghnólachtaí agus ar fheirmeacha chun suirbhéanna de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh a líonadh isteach 41.3% níos ísle in 2018 ná mar a bhí deich mbliana roimhe sin in 2008. I gcomparáid le 2013, bhí an t-ualach 13.7% níos ísle. Léiriú is ea an laghdú leanúnach seo ar úsáid níos mó as foinsí sonraí riaracháin agus as athdhearadh leanúnach ar shamplaí agus ceistneoirí suirbhé. Déantar an Baraiméadar Ualaigh Freagartha a ríomh ar bhonn comhlíonta iarmhír, .i. líon na bhfoirmeacha suirbhé a líonadh isteach seachas an líon a seoladh amach.

- I mí Feabhra 2019 sheol an Phríomh-Oifig Staidrimh an **Suirbhé ar Chothromaíocht Inscne sa Ghnó** den chéad uair. Foilsíodh torthaí ón gcéad suirbhé seo i mBealtaine 2019 agus tá sé beartaithe an suirbhé a dhéanamh gach dhá bhliain le rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn san fheabhsú ar an gcothromaíocht inscne i measc foirne ardbhainistíochta agus boird stiúrthóirí.

  Rinneadh an suirbhé mar fhreagra ar an tionscnamh *Balance for Better Business* agus soláthrófar leis tagarmharc maidir le hionadaíocht inscne i bhfoirne ardbhainistíochta agus boird stiúrthóirí. Seoladh chéad leagan an tsuirbhé go thart ar 600 fiontar móra (iad siúd a bhfuil breis agus 250 fostaí acu).

- I Meitheamh 2019 d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh foilseachán dar teideal **Próifílí Geografacha den Ioncam in Éirinn 2016**, lenar scrúdaíodh an t-ioncam ag líonta tí agus ag daoine aonair de réir contae agus de réir toghroinne. Scrúdaítear ioncam freisin thar réimsí tithíochta, sláinte, oideachais, gairme agus comaitéireachta.

  Sampla is ea an tuairisc seo de thionscadail taighde atá ábhartha do bheartais atá á bhforbairt ag an Oifig mar chuid de ról ceannaireachta na hOifige ar Chóras Staidrimh na hÉireann. Is é an cuspóir atá againn an tairbhe is mó agus is féidir a bhaint as éagsúlacht agus líon na sonraí atá ar fáil chun eolas d'ardchaighdeán a sholáthar don Rialtas, do ghnólachtaí agus do shaoránaigh.

		• I mí Iúil 2019, d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh dhá fhoilseachán ar iarmhairtí céimithe in Éirinn, is iad sin **Iarmhairtí Ardoideachais – Céimithe 2010-2016**, agus **Iarmhairtí Breisoideachais – Céimithe 2010-2016**. Sa dá fhoilseachán seo déantar anailís ar chinn scríbe céimithe ó earnálacha Ardoideachais agus Breisoideachais na hÉireann de réir mar a bhaineann sé le fostaíocht, athchlárú san oideachas, na hearnálacha tionsclaíochta ina n-oibríonn céimithe agus an tuilleamh a fhaigheann siad in imeacht ama. Is ionann na tuarascálacha seo agus an anailís is mó riamh a rinneadh ar chinn scríbe céimithe na hÉireann, le breis agus 300,000 bronnadh aonair a scrúdaíodh agus is cuid iad de shraith de thionscadail atá bunaithe ag an Oifig i gcomhar le comhlachtaí in earnáil phoiblí na hÉireann chun scrúdú a dhéanamh ar iarmhairtí foghlaimeoirí. • I Samhain 2019 foilsíodh **Faid a thomhas go Seirbhísí Laethúla in Éirinn 2019** a mheascann sonraí ón Oifig, ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI) agus raon de sholáthraithe seirbhíse chun a thaispeáint cé chomh cóngarach nó cé chomh fada amach is a bhfuil daoine ina gcónaí ó ghnátháiseanna coitianta amhail scoileanna, ospidéil, stáisiúin dóiteáin, stadanna iompair phoiblí, srl. Tá an foilseachán seo ag eascairt as meabhrán tuisceana a síníodh idir Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI) agus an Phríomh-Oifig Staidrimh.
	Léargas níos fearr a sholáthar ónár n-aschuir staitistiúil trí chumarsáid feabhsaithe lena n-áirítear léirshamhlú agus nascadh le haschur eile staitistiúil	• Lean an Phríomh-Oifig Staidrimh de ghrafaicí faisnéise a eisiúint chun ócáidí féilire agus spóirt a mharcáil agus rinneadh nuashonrú ar Aip gréasáin na nAinmneacha Leanaí. Ar an iomlán, tá breis agus 80 grafaic faisnéise eisithe in 2019. Is é an sprioc-lucht féachana do na grafaicí faisnéise seo an pobal i gcoitinne nach mbaineann úsáid as staitisticí go rialta; agus is í an aidhm atá leo feasacht a fhorbairt ar an eolas atá ar fáil ón Oifig. • **Comórtas John Hooper** Fógraíodh torthaí don naoú eagrán bliantúil de chomórtas póstaeir staitistiúil John Hooper do mheánscoileanna i nDeireadh Fómhair 2019. • **Eolaí Óg – Gradam Sonraí Oscailte CSO** Gach bliain déanann an Oifig urraíocht ar ghradam i dTaispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT, gradam don úsáid is fearr Sonraí Oscailte CSO. Tá an gradam ceaptha daoine óga a spreagadh le húsáid a bhaint as sonraí oscailte agus bronntar é as an úsáid nó an úsáid fhéideartha is nuálaí as sonraí na hOifige . Is féidir iontrálacha a bheith i bhformáid ar bith – anailísí staitistiúla, próisis staitistiúla nó aschuir staitistiúla. Is féidir leo a bheith eolaíoch nó matamaiticiúil, píosa taighde, a léirshamhlú nó mapa sonraí, forbairt ar ghléas, feidhmchlár bogearraí nó úsáid as sonraí de chuid na hOifige ar bhealach nuálaíoch eile ar bith

		• D'eagraigh an Oifig an t-ochtú Seimineár ar Shonraí Riaracháin i Nollaig 2019, ag a raibh cainteoirí ón Oifig féin, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA). Sa seimineár clúdaíodh ábhair amhail Faid a thomhas go Seirbhísí Laethúla in Éirinn 2019; Geochódú ar sheoltaí na hÉireann chun Léarscáil Spásúil ar Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh a fhorbairt; Léargas a Sholáthar ar Mhargadh Tithíochta na hÉireann; Próifíl Spásúil agus Shocheacnamaíoch ar an Ardoideachas in Éirinn; Liosta Seoltaí a Chruthú do Dhaonáireamh 2021; agus Forbairtí Éirchóid in Údaráis Áitiúla.
	Inniúlacht inmheánach a chothú le freagairt níos éifeachtúla do na riachtanais sonraí atá ag úsáideoirí	• Chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh obair i gcrích go rathúil in 2019 ar mhodhanna chun staitisticí a shoilsiú mar Shonraí Oscailte Nasctha. Ghlac an Oifig páirt i dtionscadal maoinithe ag Eurostat ar an ábhar seo, in éineacht le hInstitiúidí Náisiúnta Staidrimh na Bulgáire, na Fraince agus na hIodáile. Is é an ról a bhí ag an Oifig sa tionscadal ná cruthúnas coincheapa a réiteach chun staitisticí áitiúla ar thopaicí éagsúla a fhoilsiú mar shonraí oscailte nasctha. Cuideoidh an obair seo leis an Oifig níos mó sonraí oscailte nasctha a fhoilsiú, i ndiaidh don chóras PxStat chun táblaí staitistiúla a fhoilsiú a bheith curtha i bhfeidhm níos déanaí in 2020. • Don tríú bliain as a chéile bhí Éire ag barr an liosta don Aibíocht Sonraí Oscailte san Eoraip. Cuid mhór den rath sin is ea Tairseach Sonraí Oscailte na hÉireann, agus is í an Oifig is cúis le 4,373 (45%) de na 9,607 tacar sonraí atá ar fáil ar an tairseach • Shásaigh an Oifig go hiomlán riachtanais Iniúchadh Slándála an Chórais Staidrimh Eorpaigh (ESS) a rinneadh i Meitheamh 2019. Clár Eorpach is ea é seo d'iniúchtaí slándála ar údaráis staidrimh náisiúnta, á chomhordú ag Eurostat. Is iad Price Waterhouse Coopers a rinne an t-iniúchadh. Ní mór d'údaráis staidrimh náisiúnta riachtanais Iniúchadh Slándála ESS a shásamh sular féidir leo micreashonraí trádála a fháil ó Bhallstáit eile faoi Rialachán (AE) 2019/2152 maidir le staidreamh gnó Eorpach. Trí na riachtanais iniúchta seo a shásamh, léirítear freisin tiomantas na hOifige do thacar iomlán na ngníomhaíochtaí – slándáil TFC, slándáil fhisiciúil, polasaithe cosanta sonraí, agus oiliúint leanúnach – a chuireann bonn lenár ngealltanas de rúndacht staidrimh.
Réimse ár dtáirgí agus seirbhísí staitistiúla a fhairsingiú	Tacar feabhsaithe aschuir a fhoilsiú ó Dhaonáireamh 2016	• D'fhaomh an Rialtas dáta an Daonáirimh agus na ceisteanna le háireamh sa chéad Daonáireamh eile. Mar thoradh ar chomhairliúcháin poiblí ina bhfuarthas breis agus 400 aighneacht, rannpháirtíocht le grúpa comhairle Daonáirimh agus an Suirbhé Píolótach Daonáirimh, beidh ocht gceist nua agus 25 ceist nuashonraithe ar an bhfoirm daonáirimh nua. Áirítear i measc na dtopaicí nua: - foinsí fuinnimh in-athnuaite - rochtain agus gléasanna idirlín

		- aláraim deataigh - caitheamh tobac - obair ón mbaile - obair dheonach - cúram leanaí - taisteal abhaile ón obair, scoil nó coláiste. Áirítear i measc na gceisteanna nuashonraithe: - athruithe ar mhíchumas - grúpa eitneach - creideamh - cumas sa Ghaeilge Taisceadán Todhchaí: - Den chéad uair riamh, beidh Taisceadán Todhchaí sa chéad Daonáireamh eile. Tabharfaidh sé seo deis do dhaoine teachtaireacht a fhágáil dá sliochtaigh le feiceáil i gceann 100 bliain.
	Aschuir ar chuntais fuinnimh agus comhshaoil a mhéadú agus a fhorbairt	• D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh páipéar taighde ar Fhóirdheontais Bhreosla Iontaise agus Chomhchosúla 2012-2016 • Foilsíodh eisiúint nua i dtaca le hÚsáid Fuinnimh Tráchtála • Rinneadh taighde nua i dtaca le tacar nua de tháscairí bochtaineachta fuinnimh a fhorbairt • Fuarthas sonraí úsáide na méadar uisce neamhchónaithe ó Uisce Éireann den chéad uair • Thángthas ar chomhaontú le ESB Networks chun sonraí ó mhéadair cónaithe agus neamhchónaithe a sholáthar don Oifig seo • Rinneadh réamhobair ar thacar de tháscairí comhshaoil talmhaíochta a fhorbairt.
	Ár staitisticí maicreacnamaíocha a fhorbairt chun breis eolais a sholáthar ar gheilleagar intíre na hÉireann	• In Iúil 2019, foilsíodh **Táirgiúlacht in Éirinn 2017**, an dara foilseachán bliantúil den chineál seo ón bPríomh-Oifig Staidrimh. San fhoilseachán seo tugtar léiriú cuimsitheach ar tháirgiúlacht in Éirinn a chlúdaíonn an chéad fiche bliain, beagnach, den 21ú hAois. Is é an cur chuige i gcoitinne ná tomhas a dhéanamh ar athruithe sa táirgiúlacht i dtaca leis an athrú san Oll-Bhreisluach. Tá sé d'aidhm aige tuileadh forbartha a dhéanamh ar an tuiscint agus bonn a chur leis an bplé faoin táirgiúlacht i ngeilleagar na hÉireann agus é comhtháite go domhanda.
Ábharthacht na sonraí a chinntiú agus a n-úsáid a chur chun cinn	Riachtanais custaiméirí a shainaithint agus freastal orthu go réamhghníomhach	• D'eagraigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an chéad cruinniú den Ghrúpa Caidrimh Staitisticí Oideachais (ESLG) in Eanáir 2019. Beidh ról tábhachtach ag an ESLG sa mheasúnú ar na riachtanais atá ag príomhúsáideoirí staitisticí maidir leis an oideachas agus forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht staitistiúil na bhfoinsí sonraí sa réimse seo. Cuideoidh sé freisin leis an malartú éifeachtach eolais

		ar réimsí uile an oideachais idir príomhtháirgeoirí agus príomhúsáideoirí staitisticí dá leithéid. • Tionóladh an chéad chruinniú den Ghrúpa Caidrimh Sonraí Sláinte (HDLG) an 8 Márta 2019. Beidh ról tábhachtach ag an HDLG, grúpa de chuid na Roinne Sláinte agus na hOifige seo, sa mheasúnú ar na riachtanais atá ag príomhúsáideoirí sonraí sláinte agus forbairt a dhéanamh ar chumas staitistiúil na bhfoinsí sonraí sa réimse seo. Cuideoidh sé freisin leis an malartú éifeachtach eolais ar réimsí uile na sonraí sláinte idir príomhtháirgeoirí agus príomhúsáideoirí staitisticí dá leithéid. Bhí dara cruinniú den HDLG ann i Samhain 2019. • Tháinig Grúpa Caidrimh an tSuirbhé ar Fhoréigean Gnéis (SFG) le chéile freisin dá chéad chruinniú in Iúil 2019. Mar thoradh ar thuairisc grúpa scóipe agus Cinneadh Rialtais ina dhiaidh sin, tá suirbhé náisiúnta cuimsitheach á dhéanamh ag an Oifig ar leitheadúlacht an fhoréigin ghnéis in Éirinn.
	Feabhas a chur ar chumarsáid agus rochtain ar ár dtáirgí staitistiúla agus a n-úsáid a chur chun cinn	• I rith na bliana rinneadh tuilleadh forbartha ar tháirgí amhail Bliainiris Staidrimh na hÉireann agus Fíricí 7 Figiúirí na hÉireann. Tá na táirgí seo dírithe ar an úsáideoir níos ginearálta agus tá siad ceaptha le cur leis an bhfeasacht agus rannpháirtíocht le staitisticí oifigiúla. Leanann na meáin shóisialta d'ardán luachmhar a sholáthar chun ár staitisticí a chur chun cinn trí fheachtais rannpháirtíochta agus feasachta. • Rinneadh obair athstruchtúraithe ar réimsí den suíomh gréasáin (www.cso.ie), a fhéachann le feabhas a chur ar eispéireas na n-úsáideoirí, chomh maith le rochtain níos éasca a sholáthar don phobal ar shonraí. Tá obair á leanúint ar aghaidh, ag tacú leis an bhforbairt ar an ardán nua PxStat atá ceaptha le teacht in áit StatBank mar ardán sonraí chun táblaí staitistiúla a fhoilsiú. Táthar ag súil go seolfar an t-ardán nua in 2020.
	Úsáid micreashonraí ar mhaithe le taighde staitistiúil a éascú a thuilleadh	• Déantar an rochtain iomlán sheachtrach agus inmheánach ar Chomhaid Micreashonraí Taighde (RMFanna) tríd an Tairseach Sonraí Taighde (RDP). Tá na tascanna riaracháin uile a bhaineann le rochtain RMF lárnaithe san Aonad Comhordaithe Taighdeoirí sa Phríomh-Oifig Staidrimh. Tá próisis chuíchóirithe, a mhol an Grúpa Athbhreithnithe RMF, curtha i bhfeidhm agus cuireadh níos mó trédhearcachta leis an bpróiseas RMF ach Clár RMF a thiomsú.

Cur le húsáid foinsí tánaisteacha sonraí lena n-áirítear sonraí riaracháin agus Mórshonraí

Cuspóir Straitéiseach 2.		Dul Chun Cinn sa Bhliain 2019
Cur le húsáid foinsí tánaisteacha	Leanúint de leas a bhaint as sonraí riaracháin chun staidreamh oifigiúil a sholáthar	• Síníodh Meabhráin Tuisceana leo seo a leanas - Banc Ceannais na hÉireann - An tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) - Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (DAA) - An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais Síníodh Meabhrán Tuisceana nuashonraithe in 2019 leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) • Leanann an Phríomh-Oifig Staidrimh de thuarascálacha cothrománacha a fhoilsiú, ag baint úsáide as sonraí riaracháin agus foinsí sonraí tánaisteacha chun bearnaí tábhachtacha a líonadh mar bhonn le beartas agus plé poiblí, m.sh. na foilseacháin ar Phróifílí Geografacha den Ioncam in Éirinn 2016 agus Saol Uirbeach agus Saol Tuaithe in Éirinn 2019. • Tá Gníomh 24 d'Athnuachan na Státseirbhíse (Feabhas a chur ar an gcaoi ina ndéantar sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a roinnt) agus Gníomh 7 de Ár Seirbhís Phoiblí (Úsáid sonraí a bharrfheabhsú) ríthábhachtach don fhorbairt ar an gcóras riaracháin ar fud na Státseirbhíse agus sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne, agus déanfar tairbhe don Staidreamh Oifigiúil dá bharr. Tá dul chun cinn á dhéanamh againn, i ngach áit, le feasacht ag méadú ar an luach atá le Bonneagar Sonraí Náisiúnta do chórais riaracháin na hÉireann.
	Acmhainneacht Mórshonraí ó thaobh staidreamh oifigiúil a thiomsú de a iniúchadh agus leas a bhaint astu dá réir	• Obair shuntasach curtha i gcrích, lena n-áirítear ollstór a thógáil de shonraí thrácht ar bhóithre, tuarascáil shamplach maidir le eRoads, cruthúnas coincheapa ar thosach aip gréasáin, cruthúnas coincheapa ar fheidhmchlár aimsitheoir URL do ghnólachtaí in Éirinn ar mhaithe le tiomsú staitisticí ar an ngeilleagar idirlín, agus cur i gcrích an tionscnaimh MobileTour.

Leanúint orainn ag cothú inniúlacht ár ndaoine

Cuspóir Straitéiseach 3.		Dul Chun Cinn sa Bhliain 2019
Inniúlacht a chothú inár ndaoine	Cultúr d'fhoghlaim leanúnach agus d'fhorbairt ghairmiúil a chur chun cinn lena chinntiú go n-oibríonn baill foirne ar bharr a gcumais agus go bhfuil páirt ghníomhach acu i spriocanna na Príomh-Oifige Staidrimh a bhaint amach	• Tá obair curtha i gcrích ar thionscadal Creat Oiliúna Staitistiúla na Príomh-Oifige Staidrimh in 2019. Agus an Creat agus an polasaí a bhaineann leis foilsithe in 2018, rinneadh an clár scileanna inmheánacha a nuashonrú in Eanáir 2019 ionas go luífeadh sé leis na 5 leibhéal agus na 13 scil staitistiúil a shainítear sa dá dhoiciméad sin. Anois tá tacar d'idirghníomhaíochtaí oiliúna ag an bhfoireann tionscadail faoi gach ceann de na ceannteidil de 13 scil staitistiúil agus tá catalóg na n-idirghníomhaíochtaí á nuashonrú ar bhonn rialta le cúrsaí oiliúna nua. • Tá anailís GAP, a ghabhann an bhearna idir na scileanna staitistiúla atá de dhíth ar ról agus scileanna staitistiúla shealbhóir reatha an róil, nuashonraithe anois do na staitisteoirí uile agus tá sé in úsáid chun tosaíochtaí a shocrú do 2020. Tá an Fhoireann Oiliúna Staitistiúla ag leanúint den fhorbairt ar ghréasán láidir de theagmhálacha in institiúidí oideachais agus i gcomhpháirtithe tionsclaíochta eile. Mar thoradh ar ár rannpháirtíocht sa Lárionad don Oiliúint Taighde i mBunchlocha na hEolaíochta Sonraí (FUSE) forbraíodh ní hamháin caidreamh láidir leis na trí ollscoil óstála (COBÁC, Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil Mhá Nuad), ach freisin caidrimh nua le comhaltaí eile *Enterprise Alliance* ar an gclár, agus eagraíochtaí ar nós Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI). • Chuir Rannóg Foghlama agus Forbartha na hOifige an Clár Máistreachta Eorpach i Staidreamh Oifigiúil (EMOS) chun cinn leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC). Tá an EMOS curtha san áireamh ag COBÁC mar rogha don chúrsa MA i Staidreamh sna tairiscintí do churaclam acadúil 2019/2020. Cuirfidh an Oifig léachtóirí ar fáil chun an modúl ar Staidreamh Oifigiúil a sheachadadh. Glacfaidh an Oifig le mic léinn EMOS COBÁC san ionad oibre sna blianta amach anseo. Déanfar é seo a fhorbairt a thuilleadh le COBÁC roimh an mbliain acadúil 2020/2021. Thug an Oifig tacaíocht d'iarratas EMOS Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC) a cuireadh isteach i Nollaig 2019. Má bhíonn rath ar an iarratas cuirfidh an Oifig léachtóirí ar fáil chun ar modúl ar Staidreamh Oifigiúil a sheachadadh agus glacfaidh siad le mic léinn EMOS COC ar shocrúchán oibre. • **Dioplóma Gairmiúil IPA i Staidreamh Oifigiúil do Mheasúnú Beartais –**Tá 12 ball foirne ag tabhairt faoin gcúrsa 2019/20 i gCorcaigh, 4 ar ghrád an Oifigigh Chléireachais, 6 ar ghrád an

		Oifigigh Fheidhmiúcháin, 1 Príomhoifigeach Cúnta agus 1 Staitisteoir. Tá ceathrar oibrí freisin ó ranna rialtais seachtracha ag freastal mar mhic léinn ar na modúil seo i gCorcaigh. Tá 6 ball foirne ónár oifig i mBaile Átha Cliath ag freastal ar an gcúrsa i bhfoirgneamh IPA. Ina measc tá 1 ar ghrád an Oifigigh Fheidhmiúcháin, 2 ar ghrád an Oifigigh Ardfheidhmiúcháin agus 3 Staitisteoir. • **SMART Start – Clár Ionduchtaithe & Forbartha Bhliain a hAon** D'fhorbairt an Rannóg Foghlama agus Forbartha clár saincheaptha ina raibh oiliúint éigeantach agus oiliúint a bhain go sonrach le róil do bhaill foirne nuacheaptha agus do bhaill foirne a fuair ardú céime le déanaí. Bronnadh gradam ar an Rannóg as ucht an chláir seo ag Gradaim Feabhais agus Nuálaíochta Státseirbhíse 2019 sa chatagóir Feabhas i Scileanna Daoine agus Forbairt Eagraíochtúil.
	Feidhm Acmhainní Daonna straitéiseach a chothú chun teacht go hiomlán le riachtanais gnó na an Príomh-Oifige Staidrimh agus iad ag athrú	• Tugadh faoi chlár suntasach de ghníomhaíocht earcaíochta in 2019 chun freastal ar riachtanais foirne do ghráid theicniúla, speisialta agus ghinearálta sa Phríomh-Oifig Staidrimh. Chuimsigh sé seo comórtais inmheánacha agus oscailte, lena n-áirítear: - Comórtas inmheánach do Phríomhoifigigh - Comórtas oscailte do Staitisteoirí - Comórtais inmheánacha ⁊ idir-ranna do Phríomhoifigigh Cúnta - Comórtais inmheánacha do Ardoifigigh Feidhmiúcháin - Comórtais inmheánacha ⁊ oscailte do Oifigigh Feidhmiúcháin le TFC - Comórtais oscailte ⁊ inmheánacha do Chomhordaitheoirí Suirbhéanna - Comórtas inmheánach d'Áiritheoirí Turasóirí - Comórtas oscailte do Chuntasóir • D'eagraigh an Oifig clár socrúchán céimithe a raibh an-rath air in 2019. Tharla earcaíocht thar chúig shruth (Staidreamh/Eacnamaíocht/Anailísiú Sonraí, Teicneolaíocht Faisnéise, Dearadh Digiteach agus Margaíocht/ Cóipscríbhneoireacht, Eolaíocht an Chomhshaoil lena n-áirítear Córais Faisnéise Geografaí, Acmhainní Daonna Straitéiseacha/ Foghlaim agus Forbairt). Ghlac aon chéimí agus tríocha socrúchán leis an Oifig féin agus chuaigh triúr eile i mbun oibre agus foghlama i ranna rialtais eile. • Cuireadh Straitéis Daonna nua na Príomh-Oifige Staidrimh i gcrích in 2019 agus leagtar amach ann príomhchuspóirí straitéiseacha na hOifige i dtaca lena fhoireann. Cuimsíonn na cuspóirí seo ionad iontach le hobair ann a dhéanann ár ndaoine

		a mhealladh, a chumasú agus a chumhachtú; inniúlacht staitistiúil agus neamh-staitistiúil ár bhfoirne a fhorbairt; tús áite a thabhairt d'inniúlachtaí ceannaireachta agus bainistíochta agus an fheidhm Acmhainní Daonna a shuíomh mar cheannasaí ar athrú straitéiseach. • D'aistrigh feidhm Acmhainní Daonna don Fhoireann Allamuigh ón Aonad Riaracháin Allamuigh go dtí an Rannóg Acmhainní Daonna (AD) in 2019, tráth a forbraíodh foireann thiomanta laistigh den Rannóg AD chun tacaíocht éifeachtúil a thabhairt d'fhorbairt agus bainistíocht na bhfórsaí allamuigh éagsúla. • Lean an Oifig den oiliúint a sholáthar ar chlaonadh neamh-chomhfhiosach chuig na baill uile ar ár mboird agallaimh. Chuir saineolaí i réimse Chearta an Duine an oiliúint seo ar fáil. Tá an Oifig tiomanta go hiomlán don chomhionannas agus do thacú le cláir rialtais chun feabhas a chur ar ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de i nGráid Ardbhainistíochta. • Sa bhliain 2019, luaigh 5.5% d'fhostaithe san Oifig go raibh míchumas orthu, mar a shainítear faoin Acht Míchumais 2005. Tá sé sin níos airde ná sprioc reatha na Státseirbhíse, is é sin 3%. Tá Oifigeach Caidrimh Míchumais ag an Oifig a bhfuil sé de ról acu tacú le fostaithe agus a chinntiú go sásaíonn an Oifig a dualgais faoi Chód Cleachtais na Státseirbhíse maidir le Fostú Daoine faoi Mhíchumais. • Tá céimí ag an Oifig ag glacadh páirt sa chlár socrúchán céimithe 2019 *Willing, Able and Mentoring* (WAM) a d'fhorbair an Cumann um Ardoideachas agus Míchumas (AHEAD).
	Clár rannpháirtíochta agus nuálaíochta foirne ar fud na heagraíochta a chur i bhfeidhm	• Tá an tríú bliain curtha i gcrích ag an mBord Rannpháirtíochta agus Nuálaíochta (BRN) agus seachadadh roinnt tionscadal nuálaíoch ag an leibhéal áitiúil agus eagraíochta mar chuid dá gclár Tá clár an BRN ar fáil don fhoireann uile chun smaointe agus moltaí nuálaíocha a chur chun cinn. • Thacaigh an BRN le bunú foghrúpa chun scrúdú a dhéanamh ar thuilleadh tacaí don nuálaíocht lena n-áirítear an nuálaíocht san Oifig a shainiú níos mó, moltaí i dtaca leis an nuálaíocht a éascú agus a spreagadh agus scéim aitheantais nuálaíochta a bhunú. • Tugadh ócáid Gradaim Nuálaíochta na Príomh-Oifige Staidrimh isteach in 2019 chun ceiliúradh a dhéanamh ar nuálaíochtaí san Oifig a aithníodh d'ainmniúcháin do ghradaim Feabhais & Nuálaíochta na Státseirbhíse. • Bhuaigh an Oifig Gradam Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse faoin gcatagóir ***Daoine, Scileanna, agus Forbairt Eagraíochta*** as an gclár **SMART Start - Clár Ionduchtaithe agus Forbartha Bhliain 1**. • Bhuaigh an Oifig an gradam as ***Aistriú is Fearr – Margaíocht Traidisiúnta go Margaíocht Dhigiteach*** ag Gradaim

Margaíochta Digití Chorcaí 2019

- Is ardán comhair é Mol Sonraí na hÉireann do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) chun tuairisciú ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna agus eolas a chomhroinnt maidir le tionscnaimh a bhaineann leo. Táthar tar éis gradam a bhronnadh ar an Oifig as ucht an Mol Sonraí do SFIanna a fhorbairt, sin é **Gradam Tionscail Esri** agus cuireadh ar an ngearrliosta muid do **Ghradam Ríomhsheirbhísí an Rialtais in Éirinn 2019** sa chatagóir *Éire a chur chun cinn thar lear*.

- Tá aitheantas domhanda á fháil ag an Oifig as a bhforbairt ar Mhol Sonraí na hÉireann do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna). Cuireadh an Mol Sonraí SFIanna ar an ngearrliosta do Ghradaim Chruinniú Mullaigh an Domhain 2019 sa chatagóir 'Comhshaol agus Fuinneamh Glas'.

  Forbraíodh an t-ardán seo mar chuid de chomhpháirtíocht idir Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, an Oifig seo agus an chuideachta bogearraí léarscáilithe, Esri Ireland.

- Cuireadh Clár Céimithe na Príomh-Oifige Staidrimh ar an ngearrliosta arís do ghradam, an uair seo le **GradIreland** faoin gcatagóir *Fostóir Céimithe na bliana – Iontráil de <40*.

- Tugadh aitheantas do thrí thionscadal ón bPríomh-Oifig Staidrimh faoin gcatagóir Ardmholadh ag Gradaim Fhondúireacht an Léinn Fhioscaigh. Bronnann Fondúireacht an Léinn Fhioscaigh an ***Duais Miriam Hederman O'Brien*** go bliantúil mar aitheantas orthu siúd a dhéanann cion an-suntasach go deo le beartas fioscach na hÉireann. Tá sé mar aidhm aige aitheantas a thabhairt dóibh siúd a chuireann staidéar agus plé chun cinn i dtaca le beartas fioscach, eacnamaíochta agus sóisialta.

  B'iad seo tionscadail na hOifige a fuair aitheantas as a gcion:

  - **Críochnú Aonad Cónaithe Nua**

  - **Iarmhairtí Ardoideachais 2010-2014**

  - **Táirgiúlacht in Éirinn**

- Déanann Bord Rannpháirtíochta agus Nuálaíochta na hOifige monatóireacht ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Rannpháirtíochta Fostaithe ag freagairt do na torthaí ón Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe Státseirbhíse agus tugtar tuarascáil ar an dul chun cinn chuig an mBord Bainistíochta ar bhonn ráithiúil. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar ghníomhartha faoin bPlean Gníomhaíochta le linn 2019.

- **Timpeallacht Rannpháirtíochta**
  - Comhairliúchán foirne níos mó san fhorbairt ar bheartas agus straitéisí – comhairliúchán iomlán ar fud na hOifige ar an bhforbairt ar an Ráiteas Straitéise tríbhliantúil agus ar Fhís 2030

- An fhoireann go léir páirteach san fhorbairt ar Phleananna Gnó Áitiúla

- Cumarsáid leis an ardbhainistíocht – d'fhreastail 500 ball foirne ar na 7 seisiún Halla an Bhaile a tionóladh leis an bhfoireann go léir lena n-áirítear físchomhdháil le baill foirne allamuigh

- Comhairliúchán rialta le Fóraim Foirne agus líonraí Bainistíochta maidir le forbairt straitéise agus athrú sa phróiseas eagraíochtúil.

- **Forbairt Gairme agus Tacaíocht Eagraíochta**
  - Forbraíodh an Straitéis Daonna lenar leagadh amach creat gníomhartha bunaithe ar thrí réimse tosaíochta straitéise – fostóir is rogha, lucht saothair an todhchaí a fhorbairt, agus forbairt, tacaíocht agus luach ar bhainisteoirí mar fhorbróirí daoine

  - Polasaí soghluaiseachta curtha i bhfeidhm

  - Cur i bhfeidhm cóitseála agus oiliúna meantóirí

  - SMART Start - Clár ionduchtaithe agus forbartha Bhliain 1 forbartha agus tugtha isteach

  - Creat Oiliúna Staidrimh forbartha agus seolta

  - Tuilleadh oibre ar bun ar an bhforbairt ar Chreat Bainistíochta Ceannaireachta

  - Córas nua ríomhfhoghlama seolta agus oiliúint foirne leanúnach ar fáil tríd an gcreat *OneLearning*.

- **Timpeallacht Nuálaíochta**

  D'fhorbair foghrúpa an Bhord Rannpháirtíochta agus Nuálaíochta moltaí chun tacaíocht bhreise a thabhairt don nuálaíocht agus áirítear scéim aitheantais nuálaíochta.

- **Dearcadh an Phobail / Teagmháil le Saoránaigh**

  Seoladh feachtas feasachta ilchainéil "Is tábhachtach dúinn bhur scéalta" i Meán Fómhair 2019 agus bhí ionchur leathan ón bhfoireann allamuigh san áireamh ann.

- Leathnaigh an Phreasoifig leithead agus aimsiú chainéil meáin na hOifige trí shraith d'fheachtais chun obair na hOifige a chur chun cinn.

- Cur i bhfeidhm an chlár cóitseála agus meantóireachta le tacaíocht an Ard-Stiúrthóir lárnach sa chlár meantóireachta.

- Cuireadh rannóg Cumarsáide agus Rannpháirtíochta Inmheánaí ar bun chun díriú ar rannpháirtíocht foirne agus feabhas a chur ar chumarsáid inmheánach

		• Cuirtear nuashonruithe corparáideacha rialta agus forbairtí eagraíochta in iúl don fhoireann tríd an inlíon foirne, achoimre seachtainiúil i bhformáid rphoist, teachtaireachtaí teilifíse, nuachtlitir gach re mhí agus seisiúin eolais foirne. • Cuirtear an fhoireann ar an eolas faoi tháirgí nua agus nuálaíochtaí staitistiúla. • Tacaítear le ceardlanna ráithiúla ardbhainistíochta. • Eagraíocht comhdháil Fóraim Bainistíochta Ginearálta don fhoireann ó Phríomhoifigeach Cúnta/Staitisteoir go hArd-Stiúrthóir, chun cuidiú le nuashonruithe bainistíochta a áireamh, comhairliúchán ar an bhforbairt ar Ráiteas Straitéise, comhairliúchán ar Luachanna Eagraíochta, tacaí a fhorbairt don nuálaíocht, roinnt eolais ar fhorbairtí staitistiúla. • Tharla an chéad Seachtain Nuálaíochta riamh ar fud na seirbhíse poiblí in 2019 ón 09-13 Nollaig, tionscnamh faoi Ghníomh 6 de *Ár Seirbhís Phoiblí* – an creat reatha d'athchóiriú agus nuálaíocht sa tseirbhís phoiblí. Le linn na Seachtaine Nuálaíochta sin, shínigh Pádraig Dalton, Ard-Stiúrthóir na Príomh-Oifige Staidrimh, Dearbhú na hEarnála Poiblí maidir le Nuálaíocht, ag tabhairt tiomantais chun cultúr nuálaíochta a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud na heagraíochta. Thug sé seo deis don Oifig athdhearbhú a dhéanamh ar a thiomantas don nuálaíocht ar fud na hoifige ar fad maidir leis an gcaoi ina bhfeidhmíonn an Oifig ar bhonn laethúil agus maidir leis an gcaoi ina ndéanann an Oifig soláthar dá chustaiméirí.

Ár bpróisis agus ár gcórais staitistiúla a nuachóiriú

Cuspóir Straitéiseach 4.		**Dul Chun Cinn sa Bhliain 2019**
Cur le seasmhacht ár bpróiseas agus ár gcóras staitistiúla	Clár uaillmhianach athchóirithe a chur i bhfeidhm ar ár bpróisis agus ar ár gcórais staitistiúla bunaithe ar chaighdeán idirnáisiúnta, an tSamhail Chineálach Staidrimh um Próisis Ghnó	• Tá an doiciméadú maidir leis na próisis staitistiúla go léir do lámhleabhair suirbhéanna agus mapaí próisis curtha i bhformáid na Samhla Cineálaí Staidrimh um Próisis Ghnó (GSBPM), is é sin caighdeán na Náisiún Aontaithe chun an phróiseáil ar staitisticí oifigiúla a eagrú. Cuireadh tús le próiseas athbhreithnithe le húinéirí próisis in 2019 a chinntíonn go bhfanann doiciméadú próisis cothrom le dáta. • Cuireadh tús le haistriú na sonraí staitistiúla go léir chuig struchtúr sonraí corparáideach nuadheartha rangaithe de réir an GSBPM in 2019 agus tá sé sin ceaptha le bheith i gcrích go luath in 2020.

	(GSBPM)	• Leanadh den oiliúint ar an GSBPM agus na tairbhí a bhaineann leis in 2019, agus fuair an fhoireann go léir bunoiliúint. Tá an oiliúint seo sceidealaithe le seachadadh chuig na hiontrálaithe nua go léir in 2020. • **Forbairt Chlár Gnó:** Ag eascairt as an anailís ar riachtanais úsáideoirí, d'ullmhaigh grúpa oibre ar a raibh comhaltaí ón rannóg Staidrimh Gnó agus ón rannóg TFC na riachtanais fheidhmiúla don Chlár Gnó, i gcomhairliúchán leis na réimsí go léir de pháirtithe leasmhara na hOifige (lena n-áirítear Cuntais Náisiúnta, Comhardú na nÍocaíochtaí, Trádáil, Iompar). Thosaigh an Oifig ar fhorbairt chun an t-ardán a nuachóirí don Chlár Gnó, bunaithe ar an sonrúchán seo ó pháirtithe sainspéise na heagraíochta, agus i gcomhair le hailtireacht straitéiseach na hOifige chun feidhmiúlacht bhreise a sholáthar atá de dhíth ar gach rannóg ábhartha inmheánach. • Chríochnaíomar aistriú ár mBonneagar Óstála Gréasáin ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) chuig ár suíomh óstála nua - Evros - in 2019. Tá na príomhshuíomhanna gréasáin go léir de chuid na hOifige óstáilte anois ar Evros chun a chinntiú gur féidir linn cloí lenár ndualgais aschuir.
	Ardán oiriúnaitheach seirbhísí a thógáil a chuidíonn le GSBPM a chur i bhfeidhm	• In 2019, cuireadh tús le haistriú na sonraí staitistiúla go léir chuig struchtúr sonraí corparáideacha nuadheartha, rangaithe de réir GSBPM. Meastar go mbeidh sé seo curtha i gcrích go luath in 2020. • Leanadh den obair ar an mbainistiú den Eolaí Táirgí agus Seirbhísí (DPS) in 2019 lena chinntiú go bhfuil na sonraí ann comhsheasmhacha agus cothrom le dáta. Leanfar den obair seo in 2020. • Tá uirlis bainistíochta sonraí nua, an Fardal Sonraí, forbartha agus tógtha chun ár sócmhainní sonraí a bhainistiú. Tugadh isteach an uirlis seo, lena rangaítear ár sonraí bunaithe ar chéimeanna gníomhaíochta an GSBPM, i Ráithe 3 2019 agus leanfar de líonadh na huirlise seo le sonraí in 2020.
Cáilíocht, sláine, cosaint agus slándáil ár sonraí a chinntiú	Creat um Bainistíocht Cáilíochta bunaithe ar GSBPM a chur i bhfeidhm	• Leanann an Oifig d'infheistíocht go mór in oiliúint foirne agus i leabú an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ar fud na heagraíochta. • Leanadh den obair shuntasach sa réimse seo ar fud na hOifige, lena n-áirítear 11 measúnú ar Riachtanas agus Comhréireacht Sonraí a thabhairt isteach in 2019. • Réitigh an Oifig 16 Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIAnna) agus 21 Fógra Trédhearcachta in 2019.

Cáilíocht gach ábhar staidrimh oifigiúil a tháirgtear in Éirinn a chomhordú, a mhaoirsiú agus a dhearbhú

Cuspóir Straitéiseach 5.		Dul Chun Cinn sa Bhliain 2019
Forbairt Chóras Staidrimh na hÉireann a stiúradh agus forbairt an Bhonneagar Sonraí Náisiúnta a spreagadh	Córas Staidrimh na hÉireann a fhorbairt de réir Straitéis Staidrimh 2015-2020 an Bhoird Náisiúnta Staidrimh NSB	• Leanamar de ghabháil do chomhthionscadail taighde le Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí agus anailís agus táirgí nua staitistiúla dá bharr. Tacaíonn na tionscadail seo le comhlachtaí tuiscint a fháil ar luach a sonraí ach freisin ar an tábhacht atá le cáilíocht na sonraí bunaidh faoina stiúir. Leanamar d'úsáid an Chóid Cleachtais um Chóras Staidrimh na hÉireann (ISSCoP) a chur chun tosaigh agus maoirseacht a dhéanamh air.
	Cur leis an gclár staitisteoirí a thabhairt ar iasacht do ranna eile chun seirbhís anailíseach leanúnach, éifeachtach, chomhordaithe a chothú don Rialtas	• Anois tá 24 ball foirne gairmiúil leabaithe againn thar 13 Oifig Stáit / Roinn Rialtais le héilimh ar fhoireann ghairmiúil ag méadú i gcónaí. • Tá éileamh láidir ar iasachtaí ó ranna rialtais reatha agus ranna nach raibh páirteach go dtí seo; lorg neart acu staitisteoirí le taithí agus táthar ag súil go mbeidh na deiseanna atá ar fáil tarraingteach don fhoireann le taithí. Déanfar tuilleadh iasachtaí a mheas bunaithe ar phainéil nua staitisteoirí.
